




Ár dtodhchaí leictreachais a mhúnlú

Treochlár chun ár n-uaimhian in-athnuaite a bhaint amach

Leagan Achoimre



Ár dTodhchaí Leictreachais a Mhúnlú

Comhairliúchán

14-seachtain

Clár Comhairliúcháin agus Rannpháirtíochta

**Éire agus
Tuaisceart
Éireann**

100+
**Imeachtaí Fíorúla
Comhairliúcháin**

- Údaráis Áitiúla
- Comhlachais Tráchtála
- Pobail Tuaithe
- Eagraíochtaí Talmhaíochta
- Grúpaí Pobail agus Saorálacha

500

Breis agus
500 Freagairt
Chomhairliúcháin

2

Fóraim na Sochaí
Sibhialta

2

Fóraim
Thionscail

**TEDxStormont
Imeacht na
hÓige**

**Tionól Náisiúnta
na hÓige
in Éirinn.**

99

**Rannpháirtithe Deliberate
Dialogue in Éirinn**

Treochlár

**Cur Chuige in
Éirinn**

Cur chuige faoi thionchar
Giniúna le gnéithe faoi
thionchar Éilimh agus faoi
thionchar Teicneolaíochta

**Cur Chuige i
dTuaisceart Éireann**

Cothromaíocht idir na cuir
chuige go léir, le claonadh
i dtreo cur chuige faoi
stiúir Forbróra

40

tionscadail in Éirinn

4 ciorcaid nua
24 uasghráduithe ar chiorcaid atá ann faoi láthair
1 claochladán nua
11 tionscadail teicneolaíochta nua

12 tionscadail i
dTuaisceart Éireann

3 ciorcaid nua
7 uasghráduithe ar chiorcaid atá ann faoi láthair
2 tionscadail teicneolaíochta nua

**pleananna 10 mbliana
le haghaidh**

Rannpháirtíochta | Margaí
Oibríochtaí | Líonraí

**Plean chun 70% d'fhuinneamh in-athnuaite a sholáthar faoi 2030,
céim thábhachtach ar an aistear chuig 80%, ar oileán na hÉireann.**

**Ionchais
Giniúint**

- 5.1 GW Gaoth amach ón gCósta
- 2.4 GW Gaoth ar Talamh
- 600 MW Micrighiniúint Ghréine
- 1.3 GW Fuinneamh Gréine Mórscála
- 1.65GW Stóráil Ceallra
- 2.6 GW Gás Dírátaithe

Réamhrá

Leagtar amach sa doiciméad seo ár gcur chuige beartaithe – ár dtreochlár – chun ár n-uaillmhian in-athnuaite a bhaint amach. Is é an uaillmhian atá ann 70% dár leictreachas a bheith ag teacht ó fhoinsí in-athnuaite faoi 2030, céim thábhachtach ar an aistear chuig 80% chun astaíochtaí atá neodrach ó thaobh carbóin a bhaint amach faoi 2050.

Tá an treochlár seo bunaithe ar shamhaltú, a ndearna comhairliúchán leis an bpobal agus leis an earnáil tionsclaíochta eolas dó in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann araon. Ar mhaithe le soiléireacht, cuirimid i láthair é i bhformáid ceisteanna agus freagraí.

1. Cad é a dhéanann EirGrid agus SONI?


Oibríonn EirGrid agus SONI an eangach tarchurtha in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann faoi seach. Oibrímid le chéile freisin chun:

- todhchaí na heangaí leictreachais eangaí ar oileán na hÉireann a phleanáil;
- an eangach a oibriú gach nóiméad de gach lá;
- nascadh le heangacha in aice linn i dtíortha amhail Albain agus an Bhreatain Bheag (idirnascadh);
- an margadh mórdhíola leictreachais a reáchtáil (an áit a gceannaíonn agus a ndíolann gineadóirí agus soláthraithe leictreachas).

I mbeagán focal, cinntímid go mbíonn cumhacht ag gach duine nuair is mó atá siad ina call ar an bpraghas is eacnamúla.

2. Cad é mar a oibríonn an eangach leictreachais?

Tá breis agus 8,600km de línte lasnairde agus cáblaí faoi thalamh de dhíth chun méid mór leictreachais a bhogadh thart ar Éirinn agus Tuaisceart Éireann. Is é seo an eangach – agus tá sí ag tabhairt cumhachta ó ghineadóirí go húsáideoirí leis na blianta. Tugann an eangach cumhacht go gach baile, feirm, pobal agus gnólacht ar oileán na hÉireann. Ina theannta sin, tugann sí cumhacht go díreach chuig úsáideoirí móra fuinnimh ar nós cuideachtaí déantúsaíochta agus ionaid sonraí.



Déanann comhlachtaí giniúna leictreachas a ghiniúint agus bíonn siad san iomaíocht chun an leictreachas a sholáthar ag an bpraghas is fearr.

Déanann EirGrid agus SONI cinnte go bhfuil go leor leictreachais ann do thomhaltóirí agus ansin soláthraíonn siad an leictreachas go sábháilte go mórusáideoirí fuinnimh agus ar fud an oileáin.

Glacann líonraí ESB agus NIE leictreachas ón eangach agus déanann siad é a dháileadh ar gach duine a bhfuil sé de dhíth orthu.

Íocann custaiméirí as leictreachas trína soláthróir roghnaithe, agus muinín acu go mbeidh soláthar slán agus leanúnach acu - anois agus amach anseo.

Fíor 1: An chaoi a n-oibríonn an eangach leictreachais.

3. Cad chuige an bhfuil leictreachas mar chuid den réiteach ar athrú aeráide?

Is féidir leictreachas a ghiniúint ó fhoinsí in-athnuaite amhail an ghaoth, an ghrian agus uisce. Laghdóidh na foinsí seo d'fhuinneamh glan ár spleáchas ar bhreoslaí iontaise ar nós guail agus ola. Sa todhchaí, bainfear níos mó úsáide as leictreachas le haghaidh iompair, teasa agus gníomhaíochtaí eile.

Chun ullmhú don todhchaí seo, tá spriocanna socraithe ag Rialtais na hÉireann agus Thuaisceart Éireann a cheanglaíonn ar EirGrid agus SONI an eangach a dhéanamh réidh sa dóigh is go féidir le, ar a laghad, 70% agus suas le 80% den leictreachas teacht ó fhoinsí in-athnuaite faoi 2030. I láthair na huaire, tagann thart ar 40% de leictreachas ó ghiniúint in-athnuaite.

Is gníomhú ar son na haeráide é seo agus tá sé bunriachtanach chun na rioscaí atá bagrach don bheatha a bhaineann leis an ngéarchéim aeráide a laghdú.

4. Cad chuige a bhfuilimid ag caint faoi thodhchaí leictreachais na hÉireann agus Thuaisceart Éireann?

Beidh athrú ollmhór de dhíth ar an eangach as seo go dtí 2030. Measaimid go mbeidh ar a laghad 10 ngigeavata (GW) eile de leictreachas ó fhoinsí glana de dhíth ar Éirinn agus ar Thuaisceart Éireann araon – nó b'fhéidir níos mó. Sin thart faoi dhá oiread an mhéid leictreachais ghlain agus a bhí ar fáil in 2020. Tiocfaidh sé seo in ionad cuid den leictreachas a ghintear trí mhodhanna traidisiúnta (amhail gual agus gás) agus freastalóidh seo ar chuid den éileamh méadaithe ar leictreachas. Beidh gá leis an gcumhacht seo a ghiniúint, a cheangal leis an eangach agus a sholáthar ar fud an oileáin.

Beidh an t-aistriú chuig leictreachas glan dúshlánach ach cabhróidh sé chun infheistíocht agus poist a sholáthar. Cabhróidh sé chun oileán na hÉireann a dhéanamh níos neamhspleáiche maidir le fuinneamh agus chun truailliú aeir mar gheall ar ghiniúint leictreachais ó bhreoslaí iontaise a laghdú go suntasach.

5. Cad é mar a dhéanfar an eangach réidh do leictreachas glan?

Ní mór dúinn an eangach leictreachais a dhéanamh níos láidre agus níos solúbtha. Beidh an eangach a thuilleadh cumhachta a iompar. Tiocfaidh bunús na cumhachta seo ó ghiniúint in-athnuaite atá éagsúil ag brath ar an aimsir. Áit ar bith ar féidir linn, bainfimid úsáid as an eangach ata ann cheana chun an sprioc seo a bhaint amach. Mar gheall ar mhéid an athraithe ata de dhíth, áfach, ní mór dúinn pleanáil a dhéanamh le haghaidh roinnt mhaith infreastruchtúr nua eangaí – amhail cáblaí faoi thalamh, píolóin agus fostáisiúin.

Ní féidir linn athruithe móra don eangach a dhéanamh nuair atá an chumhacht ag sreabhadh. Ná ní féidir linn an eangach a mhúchadh chun an obair a dhéanamh. Má táimid chun leictreachas na hÉireann agus Thuaisceart Éireann a choinneáil slán, ní mór dúinn an t-am ceart a phiocadh go cúramach le haghaidh tionscadail eangaí chun na soilse a choinneáil lasta. Cuireann é seo teorainn ar an méid tionscadal is féidir linn a chríochnú in aon am amháin.

Níos luaithe i mbliana, rinne EirGrid agus SONI an comhairliúchán 'Ár dTodhchaí Leictreachais a Mhúnlú' agus d'iarramar oraibh bhur mbarúlacha ar na ceithre chur chuige atá againn lenár spriocanna in-athnuaite a bhaint amach. Rinneadh seo sa dóigh is gur féidir linn aontú ar threochlár chun spriocanna 2030 a bhaint amach. Leagtar amach sa doiciméad seo na freagairtí don chomhairliúchán sin agus tarraingítear aird ar na chéad céimeanna eile sa phróiseas.

Electricity grid – January 2021

Every line and cable on the grid operates at a certain voltage, indicated in kilovolts (kV). The higher the voltage, the more power it can carry.

High-voltage alternating current (HVAC)

- 400 kV lines
- 275 kV lines
- 220 kV lines
- 110 kV lines
- - - 220 kV cables
- - - 110 kV cables
- 400 kV station
- 275 kV station
- 220 kV station
- 110 kV station


High-voltage direct current (HVDC)

- - - Undersea interconnectors

Electricity generation connected to the grid

- Hydro generation
- Fossil-fuel generation
- ▼ Pumped storage generation
- Wind generation

This map does not show smaller-scale renewable generation connected to the ESB Networks and NIE Networks distribution systems.



Fíor 2: An eangach tarchurtha leictreachais in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann.

6. Cad iad na ceithre chur chuige a cuireadh i láthair sa chomhairliúchán?

Bhí béim sa chomhairliúchán ar cheithre chur chuige ar leith maidir le forbairt líonra chun ár sprioc in-athnuaithe a bhaint amach.

1. **Cur chuige atá á threorú ag an nginiúint** – Giniúint an leictreachais ghlain a chur cóngarach d'áiteanna ina n-úsáidtear an méid is mó leictreachais. Is é an toradh is mó a mbeadh dealramh leis ar an gcur chuige seo bheadh, mar shampla, a thuilleadh feirmeacha gaoithe ar chósta thoir oileán na hÉireann. Ní bheadh mórán infreastruchtúr eangaí de dhíth chun iad a cheangal leis an eangach, áfach, seachas roinnt línte nó cáblaí úra.
2. **Cur chuige atá á threorú ag forbróirí** – Ligeann d'fhorbróirí cinneadh a dhéanamh maidir le háiteanna le leictreachas glan a ghiniúint. Beidh ar a laghad 10 gcinn de na tionscadail a bheadh de dhíth chun an eangach a dhéanamh réidh don chur chuige seo go suntasach mór mar bheadh orthu méid mór cumhachta a bhogadh thar achair fhada. Bheadh roinnt fostáisiúin théagartha úra de dhíth freisin.
3. **Cur chuige atá á threorú ag teicneolaíocht** – Bainfear triail as bealaí úra teicneolaíochta chun leictreachas glan a bhogadh trasna na tíre. Úsáidtear leis an gcur chuige seo roinnt cáblaí ardvoltais faoi thalamh chun cumhacht a bhogadh aniar go dtí an taobh thoir d'Éirinn agus aniar aduaidh go hoirthear Thuaisceart Éireann. Bheadh stáisiúin tiontaire mhóra de dhíth ag dhá cheann gach cábla chun an chumhacht a athcheangal leis an eangach. Is foirgnimh mhóra iad stáisiúin tiontaire, ach is féidir linn a dtionchar radhairc a laghdú le tírdhreachú cúramach.
4. **Cur chuige atá á threorú ag éileamh** – Úsáideoirí móra leictreachais a chur cóngarach d'fhoinsí giniúna leictreachais ghlain. Leis an gcur chuige seo, cuirfí ionaid sonraí úra agus úsáideoirí mór-éilimh eile cóngarach do mhórbhailte agus cathracha in iarthar agus deisceart na hÉireann agus in iarthuaisceart Thuaisceart Éireann. Bheadh i bhfad níos mó feirmeacha gaoithe agus gréine sna ceantair seo freisin.

7. Cad é mar a d'éirigh leis an gcomhairliúchán agus cé leo ar labhraíomar?

Bhí breis agus 100 imeacht againn ar fud na hÉireann agus Thuaisceart Éireann, agus bhíomar i dteagmháil le heagraíochtaí sochaí sibhialta, pobail, gnólaigh áitiúla, earnáil na tionsclaíochta, tomhaltóirí, grúpaí talmhaíochta agus daoine óga. Fuaireamar breis agus 500 aighneacht freisin mar chuid den chomhairliúchán. Gabhaimid buíochas le gach duine a d'fhreastail ar ár n-imeachtaí, a d'oibrigh linn agus a thug freagairtí ar ár gcomhairliúchán.

Tá léaráidí thíos a léiríonn an réimse imeachtaí comhairliúcháin a rinneamar in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann, agus leibhéal na bhfreagairtí a fuaireamar ón bpróiseas sin:



Fíor 3: Cad é mar a rinneamar an comhairliúchán in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann.

- Leibhéal measartha ard de fhreagairtí ón bpobal agus ó earnáil na tionsclaíochta (de ghnáth, bíonn freagairtí ar chomhairliúcháin straitéise an-íseal).
- Níos lú freagairtí ó fheachtais fhreasúracha (go minic, bheadh níos mó ná 80% de na freagairtí uathu siúd).
- Suim mhór ag an bpobal i dtodhchaí an chórais leictreachais agus fonn orthu ról gníomhach a bheith acu san aistriú go córas ísealcharbóin.
- Tuiscint níos láidre ar ról EirGrid agus SONI agus fonn muinín a chur ionainn.
- Tacaíocht ón bpobal agus earnáil na tionsclaíochta dár gcur chuige oscailte, trédhearcach.

Fíor 4: Freagairtí ar an gcomhairliúchán in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann.

8. Cad iad na hathruithe ar an gcóras cumhachta ar féidir leat a bheith ag súil leo?

Agus earnáil an fhuinnimh ag bogadh i dtreo todhchaí inbhuanaithe ísealcharbóin, beidh mórathruithe sna rudaí seo a leanas:

- an áit a ngintear leictreachas agus an chaoi a ngintear é,
- an chaoi agus an áit a gceanglaítear leictreachas leis an eangach,
- an chaoi a gceannaítear agus a ndíoltar leictreachas, agus
- an chaoi a n-úsáidtear leictreachas, mar shampla le haghaidh iompair nó teasa.

Iompróidh an córas leictreachais níos mó cumhachta ná riamh roimhe agus tiocfaidh an mhórchuid den chumhacht sin ó fhoinsí in-athnuaite amháil an ghaoth agus an ghrían. Cuirfear deireadh le giniúint leictreachais bunaithe ar ghual agus ar bhreosla iontaise sna deich mbliana atá le teacht, agus úsáidfidimid gás nádúrtha chun aon bhearnaí a líonadh agus na hathruithe atá de dhíth á ndéanamh againn.

Ag an am céanna, beidh athruithe suntasacha ann maidir le héileamh agus úsáideoirí leictreachais in ann teicneolaíocht úr a úsáid chun cumhacht a ghiniúint agus a stóráil agus aon bharrachas cumhachta a chur ar ais chuig an eangach.

Beidh athrú suntasach ar an gcóras leictreachais ag teastáil chun na hathruithe seo a chur i bhfeidhm. Níos tábhachtaí arís, ní mór na hathruithe seo a bhainistiú i mbealach comhordaithe a thabharfaidh an toradh is fearr don phobal. Tá ról lárnacha ag EirGrid agus SONI, a oibríonn an córas eangaí tarchurtha agus an margadh mórdhíola in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann, san athrú ó bhonn atá ag teastáil.

9. Cad iad córais chumhachta atá neodrach ó thaobh carbóin – agus cad chuige an iad seo an sprioc dheiridh?

Is garsprioc thábhachtach é an uailmhian in-athnuaite a bhaint amach faoi 2030 ar an aistear chun a bheith neodrach ó thaobh astaíochtaí gáis ceaptha teasa faoi 2050. Is é an chiall atá le sprioc d'astaíochtaí neodrach ó thaobh carbóin ná go mbainfí astaíochtaí gas ceaptha teasa a tháirgeann tír trí theicneolaíocht úr a úsáid chun carbón a cheapadh agus a stóráil. Sampla eile de cheapadh carbóin is ea níos mó crann a chur, a ionsúnn carbón.

Thug Rialtas na hÉireann an Bille um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin isteach in 2021. Is é sprioc an bhille seo ná astaíochtaí neodrach ó thaobh carbóin de a bhaint amach faoi 2050. Is bealach é an bille chun spriocanna a leagan amach d'astaíochtaí carbóin. Cuirfidh an bille dlí na hÉireann ar aon dul le spriocanna an Aontais Eorpaigh (AE) le bheith neodrach ó thaobh na haeráide faoi 2050.

In 2019 ba é an Ríocht Aontaithe (RA) an chéad mórgheilleagar domhanda chun gealltanais i leith sprioc a bheith neodrach ó thaobh astaíochtaí a ghlacadh air féin. Cuireann Tuaisceart Éireann le sprioc an RA a bheith neodrach ó thaobh carbóin faoi 2050 faoin Acht Aeráide 2008. Tá Tuaisceart Éireann i mbun straitéis nua maidir le fuinneamh a dhréachtú, atá le heisiúint i ndeireadh 2021. Tá Feidhmeannas Thuaisceart Éireann ag plé dhá Bhille Athraithe Aeráide freisin.

Tá córais cumhachta leictreachais riamh ag brath go mór ar ola, gual agus gás nádúrtha chun leictreachas a ghiniúint. Má tá oibrítheoirí chun córas cumhachta atá neodrach ó thaobh carbóin a bhaint amach ní mór dóibh athrú go teicneolaíochtaí giniúna fuinnimh ghlain amhail giniúint bunaithe ar ghaoth agus grian. Is é atá i gceist leis seo athchóiriú ó bhonn ar na córais chumhachta a athróidh go suntasach an dóigh a n-oibríonn siad.

Tá réimse deacrachtaí teicniúla ann a bhaineann le heangach leictreach a oibriú ó fhoinsí atá in-athnuaite den chuid is mó. Baineann cuid mhaith den deacracht seo le gineadóirí gaoithe, gréine agus foinsí eile in-athnuaite a chur in ionad gineadóirí traidisiúnta guail, ola agus gáis.

Is ceannairí domhanda iad EirGrid agus SONI i nginiúint in-athnuaite ar an mhórchóir a chomhtháthú san eangach.

Chun sprioc in-athnuaite 2030 a bhaint amach, ní mór dúinn a bheith in ann an eangach a oibriú le beagnach 100% d'fhoinsí in-athnuaite uaireanta. Cúitíonn seo le hamanna nuair nach bhfuil an ghaoth ag séideadh nó an ghrian ag soilsiú. Ní mór dúinn an treo-chlár go 2030 a leanúint chun a chinntiú go n-éireoidh linn ár spriocanna a bhaint amach.

10. Cad chuige an bhfuil rannpháirtíocht pobail ag teastáil uainn san athrú chuige an gCóras Fuinnimh In-athnuaite (CFI)?

Creideann EirGrid agus SONI go gcaithfidh rannpháirtíocht dhíreach a bheith ag pobail san athrú fuinnimh má táimid chun na spriocanna uailmhianacha atá leagtha amach san Acht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin in Éirinn agus san Acht um Athrú Aeráide de chuid an RA i dTuaisceart Éireann a bhaint amach. Creidimid más féidir pobail ar fud an oileáin a chumasú chun úinéireacht áitiúil a bheith acu ar an athrú go fuinneamh glan, gur fearr a aithneofar an tábacht a bhaineann le hinfreastruchtúr úr eangaí, ar pháirt ríthábhachtach den phróiseas é.

11. Cad é mar a thugaimid rannpháirtíocht don phobal san athrú fuinnimh?

Bealach amháin is ea ná trí cheantanna fuinnimh. Ligeann ceant fuinnimh d'fhorbróirí tionscadail fuinnimh leictreachas a ghintear ó fhoinsí in-athnuaite a chur ar fáil don eangach náisiúnta. I mí Iúil 2020, reáchtáil EirGrid an chéad cheant leictreachais in-athnuaite in Éirinn faoin Scéim Tacaíochta úr Leictreachais In-Athnuaite. San áireamh ann bhí catagóir le haghaidh tionscadail faoi úinéireacht phobail agus d'éirigh le seacht dtionscadal faoi úinéireacht phobail. Táthar ag súil go léiríonn seo tús le ré úr do phobail ag infheistiú maidir lena riachtanais fhadtéarmacha fuinnimh.

In 2021, d'fhógair an tAire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide go gcaithfidh gach tionscadal atá ag cur isteach ar chatagóir an phobail i gceantanna fuinnimh amach anseo in Éirinn a bheith 100% faoi úinéireacht phobail. Tá seo amhlaidh chun a chinntiú a gcoinníonn pobail na buntáistí a bhaineann lena leictreachas féin a ghiniúint chun méadú sábháilte fadtéarmach airgeadais a chur ar fáil don phobal. Cuireann seo deis athinfheistíochta ar fáil i dtodhchaí fuinnimh an phobail.

Leanann forbairt micrighiniúna, giniúint teasa agus cumhachta leictreachais ar an mionchóir ag daoine aonaracha agus pobail. Tacóidh seo le pobail agus le daoine aonaracha chun tionscadail bheaga fuinnimh in-athnuaite a chur i bhfeidhm go háitiúil agus a bhfuinneamh tí sa bhreis a easpórtáil ar ais chuig an eangach.

Go ginearálta, má chuirtear ar bun bealach do phobail a bheith rannpháirteach san athrú fuinnimh, cabhróidh sin cur le glacadh leis an infreastruchtúr atá ag teastáil chun an t-athrú fuinnimh a chur i bhfeidhm. Creideann Rialtas na hÉireann go gcothóidh sé tacaíocht shuntasach do ghníomhú ar son na haeráide freisin. Ar an gcúis seo, tá sé ag fiosrú níos mó bealaí chun ligean do phobail a bheith páirteach i dtionscadail fuinnimh in-athnuaite chun cabhrú le hÉirinn neodracht ó thaobh astaíochtaí a bhaint amach faoi 2050 agus chun an Comhaontú Glas don Eoraip a chur i bhfeidhm (plean do gach ballstát den Aontas Eorpach a bheith neodrach ó thaobh na haeráide faoi 2050).

I dTuaisceart Éireann, chuir SONI tuairim cosúil leis in iúl faoin tábhacht agus na buntáistí a bhaineann le rannpháirtíocht phobail i dtionscadail fuinnimh in-athnuaite ina aighneacht chuig comhairliúchán Straitéis Fhuinneamh Thuaisceart Éireann.

Tá SONI ag súil le rannpháirtíocht as seo amach le Ranna Rialtais ábhartha ar ról a bheadh ag an bpobal san athrú ísealcharbóin.

12. Cad é a d'fhoghlaimíomar ónár gcomhairliúchán ar an treochlár?

D'fhoghlaimíomar go leor ó na páirtithe leasmhara poiblí (acadóirí, eagraíochtaí tathanta, an tsochaí shibhialta agus an pobal i gcoitinne) agus ó pháirtithe leasmhara ó earnáil na tionsclaíochta (forbróirí, infheisteoirí, brústocairí agus soláthraithe) araon. Tiocfaidh tú ar thuarascálacha iomlána comhairliúcháin ar ar chualamar ó na páirtithe leasmhara seo ar ár suíomhanna gréasáin ag www.eirgrid.ie/shaping an www.soni.ltd.uk/shaping.





Aiseolas ón gcomhairliúchán poiblí



Tairbhí do phobail réigiúnacha agus tuaithe

Leag pobail tuaithe béim air gur gá go gcomhroinnfidh siadsan aon chor chun feabhais eacnamaíoch de thoradh ar fheidhmiú pleananna chun spriocanna fuinnimh in-athnuaite a bhaint amach. Folaíonn sé seo úsáideoirí móra fuinnimh, amhail lárionaid sonraí, a spreagadh chun lonnú i mbailte agus i gcathracha réigiúnacha, agus giniúint amach ón gcósta agus ar an tír mór a chothromú chun poist agus infheistíocht a choinneáil.



Úinéireacht phobail

Bhí tacaíocht láidir ann d'úinéireacht phobail ar athnuaiteáin amhail feirmeacha gaoithe agus go dtabharfaí tacaíocht do phobail maidir le tionscadail in-athnuaite a fhorbairt faoi úinéireacht phobail. Dúirt a lán daoine go dtabharfadh cur chuige faoi stiúir an phobail maidir le forbairt tionscadal in-athnuaite tairbhe shuntasach phobail, go dtacódh sé le glacadh le hinfreastruchtúr fuinnimh agus go léireodh sé ionchur an phobail maidir le spriocanna gníomhaíochta ar mhaithe leis an aeráid a bhaint amach. Leag siad béim air, áfach, gur gá a chinntiú go gcuirfí córais agus dreasachtaí i bhfeidhm chun smaointe sa réimse seo a spreagadh.



Costais a choinneáil soláimhsithe

Ba imní leanúnach é costas a thóg an pobal agus earnáil na tionsclaíochta. Tá siad ag iarraidh a thuilleadh eolais maidir leis an gcaoi a rachaidh an t-athrú go córas cumhachta ísealcharbóin i bhfeidhm ar an tomhaltóir maidir le billí leictreachais, tobhaigh agus cánacha eile. Is léir nach bhfuil siad ag iarraidh go n-ardófar costas an leictreachais. Leag daoine béim freisin ar an ngá le tomhaltóirí leochaileacha a chosaint. Creideann siad go bhfuil ról ag gach forbróir agus soláthróir fuinnimh chun costais leictreachais a choinneáil chomh híseal agus is féidir.



Micrighiniúint

Bhí tacaíocht láidir ann ó phobail ar fud na hÉireann agus Thuaisceart Éireann don mhicrighiniúint, is é sin nascadh de thionscadail in-athnuaite phobal-bhunaithe leis an eangach náisiúnta. Tá fonn ar phobail a bheith páirteach sa ghné seo den chóras leictreachais agus creideann siad gur chóir go mbeadh ról ag an micrighiniúint sa sprioc 70% d'fhuinneamh in-athnuaite a bhaint amach.



Glacadh sóisialta

Léirigh an comhairliúchán go soiléir go bhfuil 'glacadh sóisialta' (an pobal i gcoitinne agus pobail áitiúla ag glacadh leis), go bhfuil sé seo ríthábhachtach chun ár spriocanna uaimhianacha in-athnuaite a bhaint amach. Tá sé an-tábhachtach muintín a bheith ag daoine i gcuir chuige EirGrid agus SONI maidir le hinfreastruchtúr a phleanáil agus a fhorbairt. Ach, rud atá chomh tábhachtach céanna, caithfidh muintín a bheith acu i gcur chuige na bhforbróirí infreastruchtúir leictreachais chun infreastruchtúr in-athnuaite agus ísealcharbóin a sholáthar.

Achoimre ar aiseolas poiblí eile

- **Comhshaol agus éiceolaíocht** – tá imní ann faoi dóigh a bhféadfadh Ár dTodhchaí Leictreachais a Mhúnlú dul i bhfeidhm ar an tírdhreach agus ar na hamhábhair atá in úsáid chun athnuaiteáin a fhorbairt.
- **Buarthaí úinéirí talún** – ní mór úinéirí talún a aithint agus a chosaint i gcás go dtarlaíonn forbairt ar thalamh feirme.
- **Teicneolaíocht nua agus cinntiú go seasfar an aimsir** – caithfidh an eangach oibriú i ndiaidh 2030 agus ba chóir go mbeadh úsáid teicneolaíochta nua san áireamh.
- **Giniúint ghaoithe amach ón gcósta** – b’fhearr le go leor daoine giniúint ghaoithe amach ón gcósta mar mhothaigh siad go mbeadh an tionchar comhshaoil agus radhairc níos lú.
- **Giniúint gaoithe ar talamh** – Glactar le fuinneamh gaoithe mar réiteach, ach b’fhearr le daoine giniúint gréine ar talamh.
- **Próiseas rannpháirtíochta pobail** – ní mór rannpháirtíocht agus comhairliúchán fiúntach a bheith ag na páirtithe leasmhara uile atá bainteach leis an bplean seo a chur i bhfeidhm leis an bpobal, agus le húinéirí talún.
- **Ról EirGrid agus SONI** – tá easpa tuisceana ar ról EirGrid agus SONI maidir leis an eangach leictreachais agus na margaí.
- **Slándáil an tsoláthair** – ní mór soláthar fuinnimh a choinneáil in ainneoin na n-athruithe infreastruchtúir atá de dhíth chun na spriocanna a bhaint amach.

Cad iad na conclúidí a bhaineamar as na freagairtí poiblí ar an gcomhairliúchán?

De réir dhearcadh an phobail, níor bhain aon chur chuige amháin amach tacaíocht iomlán. Ar an iomlán, léirigh an t-aiseolas ón bpobal go bhfuil a lán tacaíochta ann do thodhchaí ísealcharbóin agus tuiscint shoiléir nach mór gníomh fiúntach a dhéanamh chun dul i ngleic le hathrú aeráide. In Éirinn agus i dTuaisceart Éireann, bhí tacaíocht shoiléir ann do chumasc an chuir chuige **atá á threorú ag an nginiúint** agus an chuir chuige **atá á threorú ag éileamh**. Féadann tú na tuairiscí comhairliúcháin a léamh ar ár suíomhanna gréasáin www.eirgrid.ie/shaping agus www.soni.ltd.uk/shaping.

Cad é mar atáimid ag freagairt ar an méid a bhí le rá ag an bpobal?

Scrúdaíomar an t-aiseolas ar fad ón gcomhairliúchán agus rinneamar ár machnamh ar na freagairtí ar fad. Bhaineamar úsáid as an aiseolas seo chun eolas a dhéanamh don samhltú (féach leathanach 13) a bhíonn in úsáid againn chun an cur chuige a ghlacaimid a roghnú.

Cabhraíonn sé seo linn cinntí a dhéanamh maidir le:

- Áit a mbeidh an eangach láidir agus lag.
- An cineál giniúna leictreachais ar féidir linn a bheith ag súil leis.
- Cad iad na tionscadail úra giniúna leictreachais a bheidh de dhíth orainn



Samhlacha teicniúla

Chun an t-aiseolas a fuairamar ón bpobal a léiriú, is athruithe praiticiúla iad seo a leanas na rinneamar dár samhlacha:

- **Mórúsáideoirí fuinnimh:** Táimid ag súil go lonnóidh roinnt mórúsáideoirí fuinnimh úra i mbailte réigiúnacha agus i gcathracha. Táimid ag súil gurb é an t-éileamh cumhachta dóibh siúd 316MW.
- **Micrighiniúint:** In Éirinn, táimid ag súil go mbeidh 500MW de mhicrighiniúint ann faoi 2030. Shamhaltaíomar ar dtús idir 100MW agus 400MW. I dTuaisceart Éireann, glacaimid leis go mbeidh 100MW sa bhreis ann chomh maith leis an 100MW atá ann faoi láthair.
- **Gaoth amach ón gcósta:** In Éirinn, táimid ag pleanáil le haghaidh 5GW de ghiniúint ghaoithe amach ón gcósta a bheith ann faoi 2030. Beidh an chuid is mó de seo amach ó chósta thiar na hÉireann mar tá sé sin níos indéanta maidir le teicneolaíocht ná an cósta theas agus an cósta thoir. Shamhaltaíomar ar dtús idir 1.8GW agus 4.5GW. I dTuaisceart Éireann, laghdaíomar an méid gaoithe amach ón gcósta a shamhaltaíomar bunaithe ar an aiseolas agus táimid ag pleanáil le haghaidh scéim phíolótach 100MW de ghiniúint amach ón gcósta.
- **Gaoth ar talamh:** Táimid ag pleanáil go mbeidh 2.4GW sa bhreis de ghiniúint ghaoithe ar talamh ann faoi 2030. Shamhaltaíomar ar dtús idir 0.26GW agus 4.66GW.
- **Stóráil:** Táimid ag pleanáil le haghaidh 1.65GW de stóráil cheallra a bheith ann faoi 2030. Cabhróidh sé seo chun fuinneamh gaoithe agus gréine a stóráil le húsáid nuair nach bhfuil gaoth ná grian ann. Shamhaltaíomar ar dtús 750MW.

	Éire	Tuaisceart Éireann
Gaoth amach ón gCósta	+5,000 MW	+100 MW (Píolótach)
Gaoth ar Talamh	+1,300 MW	+1,100 MW
Fótavoltachas gréine	+1,500 MW (500 MW micrighiniúint)	+400 MW (100 MW micrighiniúint)
Cadhnaí	+1,450 MW	+200 MW
Inniúlacht gais díráitilte	+2.000 MW	+600 MW

Tábla 1: Tábla achomair den ghiniúint úr lena bhfuilimid ag súil in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann faoi 2030.



Aiseolas ó chomhairliúchán earnáil na tionsclaíochta

Achoimre ar aiseolas earnáil na tionsclaíochta

- **Teicneolaíochtaí malartacha** – ní mór dúinn teicneolaíochtaí úra agus atá ag teacht chun cinn a ghlacadh san áireamh in aon fhorbairt amach romhainn.
- **Costais** – ar aon dul leis an aiseolas ón bpobal, dúirt rannpháirtithe tionsclaíochta go mbeadh sé ríthábhachtach costais a choinneáil chomh híseal agus is féidir i rith an athraithe go córas leictreachais ísealcharbóin.
- **Feabhsuithe margaidh** – ní mór do mhargaí leictreachais athrú chun tacú le hinfheistíocht i ngineadóirí agus soláthóirí leictreachais atá páirteach sa mhargadh.
- **Treisiú líonra** – ní mór dúinn leanúint ar aghaidh a thógáil an líonra chun tacú le hathnuaiteáin chomh gasta agus is féidir.
- **Soláthar líonra** – tá glacadh sóisialta ag pobail áitiúla agus ag an tsochaí ríthábhachtach chun athruithe a dhéanamh go gasta.
- **Próisis agus uirlisí oibríochtaí** – ní mór dóibh seo athrú chun bealaí éagsúla le cumhacht a ghiniúint a bhainistiú.
- **Spricanna in-athnuaite** – ní mór dúinn pleanáil le haghaidh córas fuinnimh nach bhfuil mórán tionchar nó tionchar ar bith aige ar an gcomhshaol agus níl sa sprioc 70% athnuaiteáin ach céim ina threo sin.
- **Acmhainní a chur ar fáil** – Tá maoiniú agus acmhainní ag teastáil ar EirGrid agus SONI chun na spricanna a bhaint amach.
- **Slándáil soláthair** – ar aon dul leis an aiseolas ón bpobal, dúirt rannpháirtithe earnáil na tionsclaíochta go raibh slándáil soláthair tábhachtach chun an sprioc a bhaint amach.

Cad iad na conclúidí a bhaineamar as na freagairtí earnáil na tionsclaíochta ar an gcomhairliúchán?

Léirigh aiseolas ón earnáil na tionsclaíochta go bhfuil a lán tacaíochta do thodhchaí ísealcharbóin ann agus tuiscint shoiléir go bhfuil gá ann gníomh fiúntach a dhéanamh chun dul i ngleic le hathrú aeráide. Ní raibh teacht le chéile soiléir ann, áfach, ar cheann ar bith de na ceithre chur chuige forbartha.

Conas a fhreagróimid ar an méid a dúirt earnáil na tionsclaíochta?

Thug páirtithe leasmhara earnáil na tionsclaíochta réimse leathan aiseolais maidir le gnéithe teicniúla na margaí, líonraí agus oibríochtaí an chórais leictreachais. Tá a n-aiseolas agus ár bhfreagairt air le fáil ar ár suíomhanna gréasáin www.eirgrid.ie/shaping agus www.soni.ltd.uk/shaping.


13. Cad iad na tionscadail úra tarchurtha leictreachais a bheidh ag teastáil?

Bunaithe ar an samhaltú ata déanta againn, tá tacair de staidéir phleanála ar líonra tarchurtha críochnaithe againn. Cabhraíonn na staidéir seo linn a chinneadh cad iad na tionscadail líonra tarchurtha fhéideartha a bheidh ag teastáil faoi 2030 chun ár n-uailmhian in-athnuaite a chur i gcrích.

Bheadh na tionscadail seo ann i dteannta le tionscadail a bhfuil EirGrid (**féach anseo**) agus SONI (**féach anseo**) ag tabhairt fúthu cheana féin. An rud is tábhachtaí, beidh measúnú mionsonraithe le déanamh ar gach tionscadal, beidh orthu rialacháin phleanála ábhartha a chomhlíonadh agus a bheith rannpháirteach sula leanfar leo.

Cineál tionscadail	Cur síos ar an tionscadal	Éire	Tuaisceart Éireann
Ciorcaid Nua	Is ionann ciorcad nua agus líne nua lasnairde nó cábla faoi thalamh a fhorbairt.	4	3
Uasrátáil ar Chiorcaid atá ann cheana	Ciallaíonn uasrátáil ar chiorcaid atá ann cheana líne nó cábla atá ann a uasghrádú chun níos mó cumhachta a ghlacadh ar an voltas céanna.	17	7
Ciorcaid atá ann cheana a Athchur	Ciallaíonn ciorcaid atá ann cheana a athchur, líne nó cábla atá ann a athchur san áit chéanna le teicneolaíocht níos nua-aimseartha.	5	-
Voltas a ardú ar Chiorcaid atá ann cheana	Ciallaíonn voltas a ardú ar chiorcaid atá ann cheana, líne nó cábla atá ann a uasghrádú chun níos mó cumhachta a ghlacadh ar voltas níos airde.	2	-
Claochladán nua	Trealamh chun leibhéal an voltais a ardú nó a ísliú, suiteáilte de ghnáth i bhfostáisiún.	1	-
Rialaitheoirí Sreafa Cumhachta	Ciallaíonn rialaitheoirí sreafa cumhachta gléas ata suiteáilte ar chiorcad tarchurtha chun rialú a thabhairt ar cad é mar a threoraítear cumhacht ar an gcorcad sin agus ar ciorcaid taobh leis.	6	-
Rátáil líne dinimiciúla	Ciallaíonn rátáil líne dinimiciúla uirlis a chuireann rátáil fíor-ama i bhfeidhm ar líne lasnairde i rith na bliana tríd an aimsir a mheas agus a chinneadh cad é an sreabhadh cumhachta is mó is féidir a úsáid ag an am sin.	5	2

Tábla 2: Tionscadail úra tarchurtha leictreachais fhéideartha



Fíor 5: Léarscáil de thionscadail úra tarchurtha leictreachais fhéideartha in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann.

14. Cad é an rannpháirtíocht a dtabharfar faoi chun an plean seo a chur i gcrích faoi 2030?

Beidh cur chuige cuimsitheach, smaointeach, trédhearcach agus ionchuimsitheach i gceist lenár rannpháirtíocht phoiblí.

Ní mór dúinn éisteacht leo siúd a bhfuil cónaí orthu taobh le hinfreastruchtúr líonra atá ar na bacáin agus le déantóirí polasaí agus cinnteoirí áitiúla agus náisiúnta. Lena gcuid tacaíochta amháin a bheimid in ann méid an athraithe atá ag teastáil a bhaint amach sna blianta beaga atá romhainn. Is dúshlán ollmhór é seo – ach beidh na buntáistí gan teorainn.

Mar fhreagairt air seo, tá Eirgrid agus SONI ag cur comhoibriú agus rannpháirtíocht pobail isteach sa treochlár seo, Ár dTodhchaí Leictreachais a Mhúnlú. Cuirfidh seo lenár saineolas seanbhunaithe san innealtóireacht agus déanfaidh sé é a chumasú. Is é an sprioc atá againn ná cur chuige aontaithe a fhorbairt a léiríonn agus atá lárnach don athrú slán go córas leictreachais ísealcharbóin – agus do chomhthéacs práinneach an athraithe aeráide.

In Éirinn, déanfaimid:

- Ár gcomhairliúchán úr agus tacar rannpháirtíochta a leabú sa Chreat um Fhorbairt Líonra, agus ag cur pobail i gcroílár na forbartha líonra.
- Tosú ag rolladh amach tionóil réigiúnacha saoránach maidir le fuinneamh, bunaithe ar thionól saoránach na hÉireann ach ag leibhéal áitiúil.
- Leanúint de bheith ag dul i dteagmháil le húdaráis áitiúla aonarach agus tionóil réigiúnacha maidir le riachtanais eangaí amach anseo ina gceantair, Oifigí Réigiúnacha do Ghníomhú ar son na hAeráide san áireamh.
- Dul i gcomhpháirtíocht le heagraíocht óige a bhfuil tionchar réigiúnach aici chun cláir feasachta agus tionscnaimh ar Éire ag aistriú chuig todhchaí níos glaine le fuinneamh níos glaise.
- Sraith úr de mhaoiniú sochair pobail a fhiosrú chun tacú le húinéirí talún agus le pobail atá ag tabhairt faoi thionscadail mhicrighiniúna.
- Leanúint le fóraim úra phobail ar thionscadail i gcomhair le hearnáil an phobail agus an earnáil dheonach a rolladh amach.
- Tionscnaimh réigiúnacha mhoil eolais a chomhordú agus a óstáil a thacaíonn le pobail le heolas agus uirlisí praiticiúla le tús a chur lena n-aistear fuinnimh pobail.
- Tairseach faisnéise do phobail a fhorbairt chun ceisteanna a bhaineann leis an eangach a fhiosrú amháil fórsa réimse leictreamaighnéadach (RL), cáblú faoi thalamh, línte lasnairde, costas na heangaí, an dóigh a maoinítear EirGrid agus an dóigh an n-oibríonn leictreachas in-athnuaite.

I dTuaisceart Éireann, déanfaimid:

- Próiseas tríchodach feabhsaithe SONI agus comhairliúchán úr agus tacar rannpháirtíochta SONI a leabú i soláthar tionscadail Thuaisceart Éireann, ag cur pobail i gcroílár na forbartha líonra.
- Faoi réir formheas rialála maoinithe, dul i dteagmháil le hionadaithe tofa, POFanna agus oifigigh phleanála. Timthriall rannpháirtíochta comhairle débhlíantúil a dhéanamh ar phríomhthéamaí agus ar an dóigh a dtéimid i dteagmháil lena chéile, lena n-áirítear ceardlann bhliantúil le pleanálaithe na comhairle agus uasdátaithe rialta go SOLACE.
- Tairseach faisnéise do phobail a fhorbairt chun ceisteanna a bhaineann leis an eangach a fhiosrú amháil réimse leictreamaighnéadach (RL), cáblú faoi thalamh, línte lasnairde, costas na heangaí, an dóigh a maoinítear SONI agus an dóigh an n-oibríonn fuinneamh gaoithe.

15. Cad é is gá dúinn a dhéanamh?

- Léirítear sa Treochlár Ár dTodhchaí Leictreachais a Mhúnlú na príomhghnéithe atá ann chun astaíochtaí atá neodrach ó thaobh carbóin a bhaint amach faoi 2050. Mar chéadchéim ríthábhachtach sa phróiseas seo, aithnítear sa treochlár seo an bealach a theastaíonn le dul sa dóigh is go dtiocfaidh ar a laghad 70% dár gcuid leictreachais ó leictreachas in-athnuaite faoi 2030.
- Is é toradh an chomhairliúcháin agus an rud a chreidimid féin a bheith ar an réiteach is fearr agus is féidir chun ár n-uaimhian in-athnuaite a chur i gcrích faoi 2030, ná:
 - Bainfidh EirGrid úsáid as an gcur chuige atá á threorú ag an nGiniúint agus gnéithe de chuir chuige atá á dtreorú ag an Éileamh agus ag an Teicneolaíocht.
 - Bainfidh SONI úsáid as samhail bunaithe ar chur chuige tomhaiste, ag claonadh i dtreo cur chuige atá á threorú ag Forbróirí.
- Tugann amlíne na dtionscadal in-athnuaite atá molta Éire agus Tuaisceart Éireann le fios go mbeidh go leor tionscadal in áit chun ár n-uaimhian in-athnuaite a bhaint amach roimh 2030.
- Ní mór dúinn infreastruchtúr líonra sa bhreis a thógáil leis an eangach a nuachóiriú chun tacú lenár n-uaimhian in-athnuaite. Tá sé seo casta agus d'fhéadfadh sé roinnt blianta a ghlacadh le cur i gcrích ó phleanáil go cumhacht a ghiniúint.
- Ní mór dúinn a chinntiú go n-oibríonn an eangach atá ann faoi láthair ar lánleibhéil éifeachtúlachta sa dóigh is go dtig linn ár n-uaimhian in-athnuaite a chur i gcrích agus méid agus líon na dtionscadal úr a laghdú. Cabhraíonn sé seo freisin le dúshlán a laghdú ó línte lasnairde a thógáil mar shampla, nó cáblaí faoi thalamh.
- Tá sé ríthábhachtach go n-athróimid an dóigh a n-oibríonn an córas cumhachta sa dóigh is go dtig linn go leor cumhachta a sholáthar chun éileamh fuinnimh a chomhlíonadh agus ár spriocanna a bhaint amach araon.
- Baineann dúshlán theicniúla leis an gcóras cumhachta atá amach romhainn a oibriú le gineadóirí in-athnuaite. Chun ár n-uaimhian in-athnuaite a chur i gcrích, beidh orainn tabhairt isteach na bhfoinsí in-athnuaite amhail gaoth amach ón gcósta, gaoth ar talamh agus grían a éascú.

Saincheistanna gearrthéarmacha agus meántéarmacha

- Sa ghearrthearma agus sa mheántearma, tá seans ann go mbeidh orainn dul i ngleic le saincheistanna maidir le cothromaíocht a aimsiú i leith foinsí úra in-athnuaite cumhachta agus sinn ag cur deireadh de réir a chéile le foinsí níos sine, nach bhfuil chomh maith don chomhshaol amhail gual, ola agus gás (arb ionann iad agus thart ar 60% den ghiniúint cumhachta ar oileán na hÉireann faoi láthair). Ní mór dúinn pleanáil go cúramach chun an chothromaíocht seo a bhaint amach.
- Beidh gá lena lán cumhachta teacht ó fhoinsí nua giniúna sna deich mbliana ata le teacht sa dóigh is gur féidir linn riar ar an éileamh atá ag fás. Chun riosca don sholáthar a laghdú, beidh orainn comhordú a dhéanamh ar dhúnadh stáisiún cumhachta níos sine agus sinn ag tosú ar bhealaí úra chun cumhacht a ghiniúint agus a rochtain. Níl an cás chomh deacair céanna i dTuaisceart Éireann is atá sé in Éirinn ach tá monatóireacht chúramach de dhíth fós.
- Beidh orainn bheith in ann méid mór cumhachta a ghiniúint fiú nuair nach bhfuil foinsí in-athnuaite amhail fuinneamh gaoithe nó gréine ar fáil mar gheall ar chúinsí aimsire. Táthar ag súil go mbainfear úsáid as giniúint ghásadhainte, in áit stáisiún chumhachta níos sine agus chun cumhacht a sholáthar nuair nach bhfuil go leor gaoithe ná gréine ann. Beidh réimse acmhainní ar nós cadhnraí ag teastáil.

Beidh sé ríthábhachtach athléimneacht sa chóras cumhachta a chinntiú

- Beidh ról lárnach ag seirbhísí córais in athléimneacht an chórais cumhachta a bhainistiú. Tá seirbhísí córais tar éis a bheith an-tábhachtach chun 40% athnuaiteáin bainte amach in Éirinn agus breis agus 40% athnuaiteáin i dTuaisceart Éireann faoi 2020. Beidh acmhainní úra seirbhíse córais ó fhoinsí ísealcharbóin ag teastáil chun dul i ngleic leis na dúshláin theicniúla agus oibríochtúla a thagann ó leibhéil de fhoinsí in-athnuaite meandracha ag méadú go beagnach 100% faoi 2030.
- Le teaschaidéil agus feithiclí leictreacha tugtar an deis do thomhaltóirí seirbhísí solúbthachta a chur ar fáil mar fhreagairt don éileamh. Is sampla de sheirbhís den chineál seo é an cumas a bheith ag daoine úsáid a bhogadh go hamanna éagsúla den lá. Is féidir leis seo buntáistí a thabhairt trí bhuaicthréimhsí úsáide leictreachais a sheachaint nuair a bhíonn sé costasach leictreachas a ghiniúint agus nuair ata an córas cumhachta faoi níos mó brú. Is féidir leis freisin deis a thabhairt dúinn leas a bhaint as an tréimhse nuair atá leibhéil níos airde de ghiniúint in-athnuaite ar fáil chun riar ar riachtanais an éilimh.

Chun cabhrú linn leas iomlán a bhaint as solúbthacht mar fhreagairt ar éileamh tá comhpháirtíochtaí de dhíth orainn idir oibritheoirí córas dáilte (líonraí BSL agus NIE) agus oibritheoirí na gcóras traschurtha (EirGrid agus SONI).

- Caithfidh dearadh an mhargaidh leictreachais a bheith níos gaire do spriocanna fadtéarmacha pholasaí ar fhoinsí in-athnuaite na hÉireann agus Thuaisceart Éireann (agus, dá réir sin, an AE agus an RA). Tá sé seo ríthábhachtach sa dóigh is go bhfaighidh forbróirí brabús ar a n-infheistíochtaí agus cumhacht á sholáthar fós acu ar phraghas inacmhainne don chustaiméir.
- Sa chomhairliúchán, d'aithin na rannpháirtithe ón bpobal agus ó earnáil na tionsclaíochta araon an cur chuige a bhí ag EirGrid agus SONI i leith na rannpháirtíochta. Chuir siad béim air gur chóir don rannpháirtíocht a bheith oscailte, trédhearcach agus comhsheasmhach. Go háirithe, ba chóir an pobal a chumasú agus meas a léiriú orthu agus iad ag comhoibriú le EirGrid agus le SONI.

16. Cad iad na chéad chéimeanna eile?

Agus an t-amscála measartha gairid idir anois agus 2030 san áireamh, caithfidh an treochlár trí rud a dhéanamh:

- a bheith inacmhainne fós do thomhaltóirí,
- giniúint cumhachta is féidir brath uirthi a sholáthar, agus
- ár spriocanna fuinnimh in-athnuaite a bhaint amach.

Agus an treochlár á ullmhú againn, rinneamar athbhreithnithe mionsonraithe teicniúla ar oibríochtaí reatha margaidh, oibríochtaí córais agus infreastruchtúr líonra. San áireamh leis seo cuireadh athruithe a rabhtas ag súil leo in éileamh tomhaltóra, teicneolaíocht úr agus fás eacnamaíoch san áireamh.

Níl sé indéanta i staidéar pleanála gach toradh féideartha nó forbairt teicneolaíochta a fhiosrú. Is é sin an fáth go ndearna EirGrid agus SONI comhairliúchán leathan leis an bpobal agus le hearnáil na tionsclaíochta chun cuir chuige a roghnú a mheastar go ginearálta a bheith ar na cinn is úsáidí san am atá le teacht.

Comhlíonann an treochlár an dualgas EirGrid agus SONI leis na rudaí a leanas a dhéanamh:

- rialtais Éireann agus Thuaisceart Éireann chun tionscadail a shainaitheint a bhaineann amach an uailmhian in-athnuaite go heacnamaíoch; agus
- an pobal agus earnáil na tionsclaíochta a chur ar an eolas maidir le deiseanna infheistíochta agus athruithe margaidh agus oibríochta molta.

Bunaithe ar ár n-athbhreithnithe teicniúla, aiseolas ón bpobal agus ó earnáil na tionsclaíochta, agus toimhdí pleanála, creidimid go bhfuil sé indéanta go teicniúil an uailmhian in-athnuaite do chóras cumhachta leictreachais na hÉireann agus Thuaisceart Éireann a bhaint amach faoi 2030. Ach beidh an próiseas seo casta agus éiginnte.

Aithnímid an gá le rannpháirtíocht agus comhoibriú substainteach leanúnach leis an bpobal agus le hearnáil na tionsclaíochta agus táimid tiomanta chuige sin. Chomh maith leis seo, déanfaimid measúnú leanúnach ar:

- oibríochtaí margaidh;
- phleanáil infreastruchtúir líonra; agus
- oibríochtaí córais leictreachais.

Cabhróidh siad seo linn a aithint cad iad na huasdátuithe féideartha a bheadh de dhíth don treochlár maidir le feabhsuithe teicneolaíochta agus rioscaí a laghdú ach ag an am céanna córas leictreachais ar féidir linn a bheith ag brath air agus an réiteach is fearr maidir le soláthar agus praghas a chur ar fáil.

Tá EirGrid agus SONI ag pleanáil an Treochlár Ár dTodhchaí Leictreachais a Mhúnlú a athnuachan gach dara bliain. Déanfaimid seo níos luaithe má thagann mórathruithe ar na toimhdí atá déanta againn go dtí pointe anseo.

Is sprioc indéanta é athrú slán agus táimid dírithe ar shamhail giniúna leictreachais a sholáthar atá in ann 70% dár leictreachas a sholáthar ó fhoinsí in-athnuaite, rud a chinnteoidh ar a sheal todhchaí níos fearr don chomhshaol do na glúine atá le teacht.

17. Cár féidir liom tuilleadh eolais a fháil?

Léigh an Treochlár mionsonraithe Ár dTodhchaí Leictreachais a Mhúnlú agus na tuarascálacha comhairliúcháin ar ár suíomhanna gréasáin www.eirgrid.ie/shaping agus www.soni.ltd.uk/shaping.



The Oval, 160 Bóthar Shíol Bhroin,
Droichead na Dothra, Baile Átha Cliath Do4 FW28
Fón: +353 (0)1 677 1700
www.eirgrid.com



Teach an Chaisleáin Riabhaigh, 12 Bóthar an Mhansa,
Béal Feirste BT6 9RT
Fón: +44 (0)28 9079 4336
www.soni.ltd.uk



Printed on recycled paper